# ACRES BHOIRNE ÁRANN

Dáta Eisithe - Bealtaine 2023


Is é ACRES (An Scéim Comhshaoil Tuaithe Agra-Aeráide) an scéim nua agra-chomhshaoil atá á chur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus tá ocht gcrios tionscadail ag baint leis. Is iad an fhoireann áitiúil a sholáthar an Clár Bhoirne agus Caomhnú Árann roimhe seo atá i gceannas ar an gcrios do Thionscadal Comhoibrithe ACRES Bhoirne Árann. Tacóidh an fhoireann seo le feirmeoirí chun oidhreacht shaibhir éiceolaíochta, seandálaíochta, geolaíochta agus cultúrtha Bhoirne, Oileán Árainn agus Dheisceart na Gaillimhe a bhainistiú agus a chaomhnú.




## ÍOCAÍOCHTAÍ BUNAITHE AR THORTHAÍ

An samhradh seo, siúlfaidh comhairleoirí na tailte foráiste uilig atá faoi d'úinéireacht sa gcrios CP chomh maith le haon talamh foráiste eile sa gcrios CP a bheidh ar léas nó ar cíos agat in fhad agus a sheasfaidh an scéim agus scórálfaidh siad na tailte ag úsáid na scórchártaí atá deartha chun buailte a mheas ó thaobh a luach bithéagsúlachta agus a riocht comhshaoil. Ar an mbealach seo gheobhaidh feirmeoirí a sholáthraíonn níos mó sochair chomhshaoil mar chuid dá mbainistíocht feirme scór níos airde agus mar luach saothair gheobhaidh siad íocaíocht bunaithe ar thorthaí suas le €7,000 sa mbliain.

## SCÓR NÍOS AIRDE DON BHUAILE = LEIBHÉAL ÍOCAÍOCHTA NÍOS AIRDE




### Íocaíocht Bunaithe ar Thorthaí do Chrios Comhoibrithe ACRES

| Scór don Bhuaile | 10 | 9 | 8 | 7 | 6 | 5 | 4 | <4 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ráta Íocaíochta | €400 | €350 | €300 | €250 | €205 | €175 | €150 | €0 |
| An scála d'fheirmeoirí SFO* | €150 | €100 | €50 | €0 | €0 | €0 | €0 | €0 |

* Scéim na Feirmeoireachta Orgánaí


### Rátaí Coimíneachta* (Tionscadal Ginearálta ACRES & Tionscadal Comhoibrithe ACRES)

| Scór don Bhuaile | 10 | 9 | 8 | 7 | 6 | 5 | 4 | <4 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ráta Íocaíochta | €220 | €180 | €145 | €115 | €90 | €70 | €60 | €0** |

* Íocfar bunráta €120/heicteár ar choimíneacht <10h le Plean Feirme Coimíneachta

**Íocaíocht rannpháirtíochta socraithe ag €50/h don chéad 20 Heicteár beag beann ar an scór bunaithe ar thorthaí. Áirítear an íocaíocht rannpháirtíochta seo sna rátaí íocaíochta bunaithe ar thorthaí.

## LEIDEANNA DO BHAINISTIÚ



Déan iarracht gan na buailte a bheith ite an iomarca le linn an tséasúir blátha.



Nuair is féidir é féach le húsáid leasú a laghdú agus úsáid mhíchuí ar luibhicídí a sheachaint.




Ná bac le beathaitheoirí sadhlais, go mór mór le linn builteachas geimhridh.

## OIBREACHA A d'ARDÓDH SCÓR NA mBUAILTE (suas le €3,500 sa mbliain)

### Infheistíochtaí Neamhtháirgiúla (NPIs)

- Gníomhaíochtaí ar scála beag a chuidíonn ó thaobh bainistíocht chomhshaoil agus gnáthóga na feirme a fheabhsú.
- Roinnt samplaí is ea soláthar tancanna uisce, caidéil nó geataí do bhainistíocht innilte níos fearr.
- I measc roghanna eile d'fhéadfaí fálta nua, crainn nó úlloird bheaga a chur ag fás.



### Gníomhaíochtaí Tírdhreacha (LAs)

- Gníomhaíochtaí ar scála níos mó a bheadh tairbheach don chomhshaol.
- Roinnt samplaí is ea speicis ionracha a bhainistiú, scrobarnach a bhíonn ag scaipeadh a choinneáil faoi smacht agus caighdeán an uisce a chosaint.
- Samhlaítear go mbeifear ábalta tabhairt faoi thosaíochtaí áitiúla comhshaoil eile faoi na Gníomhaíochtaí Tírdhreacha.

## DÁTAÍ IONCHAIS SNA MÍONNA ROMHAINN 2023

SCRÚDAÍONN AGUS CEADAÍONN AN FHOIREANN CP NA hOIBREACHA

ROGHNAÍONN AN FEIRMEOIR & AN COMHAIRLEOIR NA hOIBREACHA

SÉASÚR SCÓRÁLA NA mBUAILTE

MEITHEAMH | IÚIL | LÚNASA | M'FÓMHAIR | D'FÓMHAIR

## Nascanna Úsáideach

Suíomh Gréasáin RTBM (DAFM): https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-agriculture-food-and-the-marine/

Feirmeoireacht don Dúlra le haghaidh leideanna faoi d'fheirm: https://www.farmingfornature.ie

Físeáin Youtube faoin gClár Bhoirne: https://www.youtube.com/@burrenprogramme9541

## DÉAN TEAGMHÁIL


**Oifig an Chairn**

Old Schoolhouse,
An Carn,
Co. an Chláir,
V95 KONA

065 7089000
085 1790680
info@acresburrenaran.ie

**Oifig Inis Oírr**

Teach Ceann Tuí,
Inis Oírr,
Oileáin Árann,
Co. na Gaillimhe,
H91 FNN0

083 1523930
oileaina-rann@acresburrenaran.ie


seiceáil an suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh sonraí: www.acresburranaran.ie


ACRES BURREN ARAN

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

ACRES
Agri-Climate Rural Environment Scheme

Funded by the European Union